

An Bhruiséil, 29 Iúil 2026
(OR. en)

12280/26

MAR 112
OMI 39

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 409 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir leis an idirghníomhaíocht agus an cóineasú idir Rialachán FuelEU Maritime agus Rialachán an Aontais maidir le MRV Muirí

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 409 final.

Faoi iamh: COM(2026) 409 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2026
COM(2026) 409 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an idirghníomhaíocht agus an cóineasú idir Rialachán FuelEU Maritime agus
Rialachán an Aontais maidir le MRV Muirí**

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir leis an idirghníomhaíocht agus an cóineasú idir Rialachán FuelEU Maritime agus Rialachán an Aontais maidir le MRV Muirí

I. Réamhrá

Tá gníomhartha reachtacha éagsúla glactha ag an Aontas lena spreagtar dícharbónú na hearnála muirí. Is é is aidhm do na gníomhartha sin an úsáid a bhaineann longa a thagann isteach i gcalafoirt an Aontais as breoslaí agus teicneolaíochtaí ísealcharbóin agus inbhuanaithe a mhéadú. Díreann go príomha sa tuarascáil seo ar dhá cheann de na gníomhartha sin:

- 1) Tháinig Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE¹ ('Rialachán FuelEU Maritime') i bhfeidhm an 12 Deireadh Fómhair 2023 agus tá sé infheidhme go hiomlán ó bhí an 1 Eanáir 2025 ann. Ceanglaítear leis déine astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) an fhuinnimh a úsáidtear ar bord long mór a laghdú de réir a chéile agus sainordaítear leis soláthar cumhachta ar tír a úsáid i gcalafoirt Eorpacha roghnaithe ó 2030 ar aghaidh.
- 2) Le Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE² ('an Rialachán maidir le MRV Muirí'), ceanglaítear ar longa móra a thagann isteach i gcalafoirt an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) faireachán agus tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) fíoraithe agus ar shonraí eile maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Rinneadh athbhreithniú ar an Rialachán maidir le MRV Muirí in 2023 tar éis leathnú Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais chun astaíochtaí muirompair a chumhdach. (CTA)³.

Le hAirteagal 30(1) de Rialachán FuelEU Maritime, ceanglaítear ar an gCoimisiún Eorpach tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle 'ina scrúdófar an idirghníomhaíocht agus an cóineasú' idir an Rialachán sin agus an Rialachán maidir le MRV Muirí.

Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún an chéad anailís chomparáideach ar Rialachán FuelEU Maritime agus an Rialachán maidir le MRV Maritime agus ar na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme gaolmhara. Rinneadh an taithí tosaigh a fuarthas trí chur chun feidhme iarbhrí na ngníomhartha sin a mheas freisin.

Ós rud é go soláthraítear leis an Rialachán maidir le MRV Muirí creat chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar shonraí i ndáil le gnéithe muirí na Treorach Eorpaí maidir le Córas Trádála Astaíochtaí⁴, cumhdaítear gnéithe den Treoir sin leis an tuarascáil seo freisin i gcás inarb ábhartha.

I mí Eanáir 2024, leathnaíodh Córas Trádála Astaíochtaí (CTA) an Aontais chun an earnáil mhuirí a chumhdach. Ceanglaítear ar chuideachtaí loingseoireachta ó shin lamháltais astaíochtaí CTA an Aontais a cheannach agus a thabhairt suas le haghaidh gach tona astaíochtaí CO₂ (nó coibhéise CO₂) arna thuairisciú laistigh de raon feidhme chóras CTA an Aontais.

Le linn phróiseas dréachtaithe Rialachán FuelEU Maritime agus athbhreithniú 2023 ar an Rialachán maidir le MRV Muirí, agus sa chaibidlíocht leis an bParlaimint agus leis an gComhairle, rinneadh iarrachtaí an dá ghníomh a ailíniú a mhéid is féidir agus creat a chruthú lena ndéantar foráil maidir le comhlíonadh cuíchóirithe d'eintitis rialáilte, d'fhíoraítheoirí agus d'údaráis riaracháin na mBallstát.

Tá an da Rialachán idirnasctha toisc, de réir Rialachán FuelEU Maritime, gur cheart aon sonraí a thuairiscítear chun críoch an Rialacháin maidir le MRV Muirí a úsáid, i gcás inar gá, chun comhlíonadh Rialachán FuelEU Maritime a dheimhniú chun an t-ualach riaracháin a fhorchuirtear ar chuideachtaí, ar fhíoraítheoirí agus ar údaráis inniúla a theorannú.

Mar sin féin, tá gnéithe faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe ar leith sa dá Rialachán ós rud é gur tharla dréachtú na dtograí ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán FuelEU Maritime, an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le MRV Muirí agus cuimsiú na hearnála muirí i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais, agus an chaibidlíocht lena mbaineann leis an bParlaimint agus leis an gComhairle ar leithligh cé go raibh forluí ama páirteach ann.

Dá bhrí sin, is fiú tuilleadh scrúdaithe agus anailíse a dhéanamh ar na gníomhartha sin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na difríochtaí agus na neamhréireachtaí idir príomhfhorálacha na Rialachán a mheas,
- measúnú a dhéanamh ar na dúshláin a eascraíonn as an oibleagáid an dá Rialachán a chomhlíonadh an tráth céanna, agus
- bealaí féideartha a chur i láthair chun iad a ailíniú a thuilleadh agus chun comhsheasmhacht a fheabhsú.

Tá sé beartaithe leis na torthaí léargais a thabhairt ar dheiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun ceanglais riaracháin a chuíchóiriú i gcomhréir leis na gealltanais maidir le simpliú riaracháin foriomlán a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais don Aontas Eorpach.

Raon feidhme na Rialachán

Tairseacha méide

¹ Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE, IO L 234, 22.9.2023, lch. 48–100, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1805/oj>.

² Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE, IO L 123, 19.5.2015, lgh. 55–76, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/757/oj>.

³ Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí loingseoireachta muiirí a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha breise long, IO L 130, 16.5.2023, lch. 105–114, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/957/oj>.

⁴ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle, IO L 275, 25.10.2003, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj>

Maidir le méid na long a thagann faoi raon feidhme na Rialachán a ndearnadh anailís orthu, tá feidhm ag Rialachán FuelEU Maritime maidir le longa a bhfuil olltonnáiste os cionn 5 000 acu a mbíonn sé de chuspóir acu paisinéirí nó lastas a iompar chun críocha tráchtála. Ar an gcaoi chéanna, foráiltear leis an Rialachán maidir le MRV Muirí go bhfuil feidhm aige maidir le longa ag a bhfuil olltonnáiste 5 000 agus os a chionn agus, ón 1 Eanáir 2025, maidir le longa lastais ghinearálta atá faoi bhun olltonnáiste 5 000 ach nach bhfuil faoi bhun 400 olltonnáiste agus maidir le longa amach ón gcósta ag a bhfuil olltonnáiste 400 agus os a chionn a thagann faoi cheann de na catagóirí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán⁵.

Raon feidhme geografach

Cumhdaítear leis an tuairisciú faoin Rialachán maidir le MRV Muirí ídiú breosla agus astaíochtaí GCT na muirí idirnáisiúnta uile laistigh den Aontas agus lasmuigh den Aontas (muirí idir calafoirt an Aontais agus calafoirt lasmuigh den Aontas), agus a bhaineann le gníomhaíochtaí loinge laistigh de chalafoirt an Aontais. Tá an raon feidhme tuairiscithe céanna ag Rialachán FuelEU Maritime, ach chun sciar astaíochtaí an Aontais a léiriú go cothrom, níl ach leath (50 %) den ídiú breosla/fuinneamh a úsáidtear ar thurais idirnáisiúnta lasmuigh den Aontas le cur san áireamh. Cuirtear an riail chéanna i bhfeidhm faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí.

Le Rialachán FuelEU Maritime, caitear le muirí idir an tAontas agus na réigiúin is forimeallaí d’aon Bhallstát den Aontas ar an mbealach céanna le muirí idirnáisiúnta chuig tíortha nach tíortha de LEE iad agus uathu (dá bhrí sin, breithnítear 50 % den ídiú breosla/fuinneamh a úsáidtear). Faoin Rialachán maidir le MRV Muirí, ina ionad sin, caitear le muirí den sórt sin mar mhuirí laistigh den Aontas (dá bhrí sin, tagann 100 % d’astaíochtaí faoin raon feidhme). Faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, áfach, níl sé d’oibleagáid ar chuideachtaí loingseoireachta íoc go dtí mí na Nollag 2030 as na hastaíochtaí ó mhuirí idir calafort atá suite i réigiún is forimeallaí de Bhallstát agus calafort atá suite sa Bhallstát céanna, lena n-áirítear muirí idir calafoirt laistigh de réigiún is forimeallaí agus muirí idir calafoirt sna réigiúin is forimeallaí den Bhallstát céanna [féach an roinn maidir le díolúintí thíos].

Astaíochtaí a chumhdaítear leis na Rialacháin

Maidir le cuntasáocht a dhéanamh ar astaíochtaí ó bhreoslaí, cumhdaítear leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus leis an Rialachán maidir le MRV Muirí astaíochtaí GCT sceithphíopa, ar a dtugtar astaíochtaí iarteachtacha nó astaíochtaí umar-go-marbhshruth freisin. Is amhlaidh atá toisc go gcumhdaítear astaíochtaí réamhtheachtacha (ar a dtugtar astaíochtaí tobar-go-humar freisin) atá nasctha le táirgeadh breosla faoi earnálacha CTA eile cheana féin agus go bhféadfadh eisiúint dubailte, trádáil dhúbailte agus éilimh dhúbailte a bheith mar thoradh ar na hastaíochtaí sin a áireamh mar chuid de na lamháltais a thugtar don earnáil loingseoireachta. Cumhdaítear le Rialachán Muirí FuelEU astaíochtaí tobar-go-humar agus umar-go-marbhshruth araon chun a áirithiú go gcuirfeadh feidhmíocht iomlán astaíochtaí foinsí éagsúla fuinnimh san áireamh.

Braitheann Rialachán FuelEU Maritime, an Rialachán maidir le MRV Muirí agus an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí ar na critéir inbhuanaitheachta, lena n-áirítear íostairseacha astaíochtaí GCT a leagtar síos sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite⁶, chun bunábhair in-athnuaite a thiontú ina mbreoslaí, lena n-áirítear an córas deimhniúcháin ábhartha. Le Rialachán FuelEU Maritime, cuirtear teorainn bhreise leis an linn breosla incháilithe trí bhunábhair ó bharr bia agus beatha a eisiáil. Caitear le breoslaí a tháirgtear ó na bunábhair sin mar bhreoslaí iontaise faoi Rialachán FuelEU Maritime.

Foinsí fuinnimh

Maidir le hiontógáil foinsí áirithe fuinnimh seachas breosla ag longa – amhail leictreachas ó chumhacht ar tír agus cumhacht ghaoithe, rudaí nach féidir faireachán a dhéanamh orthu le linn muirí, ach a rannchuidíonn le húsáid fuinnimh loinge agus, dá bhrí sin, lena cuspóirí dícharbónaithe – cumhdaítear í faoi Rialachán FuelEU Maritime ach ní cumhdaítear í faoin Rialachán maidir le MRV Muirí. Dá bhrí sin, i gcás leictreachas ó chumhacht ar tír agus i gcás cumhacht ghaoithe, tá gá le faireachán breise nó ríomhanna breise le haghaidh Rialachán FuelEU Maritime.

Díolúintí

Maidir leis an raon feidhme, tá difríochtaí idir na díolúintí a cheadaítear le Rialachán FuelEU Maritime agus leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí.

Le Rialachán FuelEU Maritime agus leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí araon, cheadaítear do na Ballstáit muirí a dhéanann longa paisinéirí chuig oileáin a bhfuil níos lú ná 200 000 cónaitheoir buan orthu a dhíolmhú. Tá difríochtaí ann, áfach. I gcás CTA, is féidir feidhm a bheith ag na díolúintí maidir le muirí idir calafort oileáin atá faoi dhlínse an Bhallstáit iarrthaigh nach bhfuil aon nasc bóthair ná iarnróid aige leis an mórthír agus ar a bhfuil níos lú ná 200 000 buanchónaitheoir, agus calafort atá faoi dhlínse an Bhallstáit chéanna sin. I gcás Rialachán FuelEU Maritime, is féidir feidhm a bheith ag na díolúintí maidir le muirí a dhéanann longa paisinéirí cé is moite de longa cúrsála paisinéirí idir calafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit agus calafort cuarda atá faoi dhlínse an Bhallstáit chéanna agus atá lonnaithe ar oileán ar a bhfuil níos lú ná 200 000 buanchónaitheoir. Tá feidhm ag na díolúintí sin freisin maidir leis na gníomhaíochtaí laistigh den chalafoirt a dhéanann longa ábhartha a tharlaíonn i ndáil leis na muirí dhíolmhaithe.

Faoi Rialachán FuelEU Maritime agus faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí araon, féadfaidh na Ballstáit longa paisinéirí, agus longa paisinéirí róró i gcás na Treorach Eorpaí maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, a dhéanann muirí thrasnáisiúnta faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí nó faoi chonarthaí seirbhíse poiblí le haghaidh turais áirithe a dhíolmhú.

Féadfaidh na Ballstáit longa paisinéirí a sholáthraíonn seirbhísí muiríompair faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí nó faoi chonarthaí seirbhíse poiblí le haghaidh bealaí idir a gcalafoirt mhórthíre agus calafoirt atá suite ar oileán nó i gcathracha Ceuta agus Melilla a

⁵ Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3214 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa amach ón gcósta agus nialas-rátú breoslaí inbhuanaithe

IO L, 2024/3214, 27.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3214/oj.

⁶ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lgh. 82–209, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj>.

dhíolmhú ó chur i bhfeidhm Rialacháin FuelEU Maritime freisin. Ní dhéantar foráil sa Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí maidir le díolúintí den sórt sin.

Ar deireadh, faoi Rialachán FuelEU Maritime, féadfaidh na Ballstáit díolúintí a chruthú le haghaidh muirastir a dhéantar idir calafoirt sna réigiúin is forimeallaí. Faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, tá maolú sealadach uathoibríoch (i.e. gan gá le fógra a thabhairt) ann go dtí deireadh 2030 le haghaidh muirastir idir calafort atá suite i réigiún is forimeallaí de Bhallstát agus calafort atá suite sa Bhallstát céanna, lena n-áirítear calafoirt atá suite sa réigiún is forimeallaí céanna agus i réigiún is forimeallaí eile den Bhallstát céanna.

I gcás na ndíolúintí uile a luaitear thuas, úsáidtear dátaí deiridh éagsúla i Rialachán FuelEU Maritime agus sa Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí. Ceadáíonn an chéad cheann díolúintí a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2029, agus ceadáíonn an dara ceann díolúintí a bheith i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2030.

Forálacha maidir le haicme oighir agus loingseoireacht trí leac oighir

Tá forálacha i Rialachán FuelEU Maritime, sa Rialachán maidir le MRV Muirí agus sa Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí maidir le haicme oighir na loinge agus loingseoireacht trí leac oighir, cé nach ionann a bhformáid. Chun na costais bhreise ar longa d'aicme oighir a mhaolú, le Rialachán FuelEU Maritime ceadáítear do chuideachtaí iarratas a dhéanamh ar an bhfuinneamh breise a úsáidtear mar gheall ar aicme oighir na loinge agus a úsáidtear mar gheall ar sheoladh faoi dhálaí oighir a eisiamh ó ríomh an iarmhéid comhlíontachta. Faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, féadfaidh cuideachtaí loingseoireachta 5 faoin gcéad níos lú lamháltas a thabhairt suas ná iomlán na n-astaíochtaí fíoraithe a scaoiltear óna longa d'aicme oighir go dtí an 31 Nollaig 2030.

Calafóirt thrasloingsithe coimeádán chomharsanacha

Chun na rioscaí a bhaineann le cuairteanna seachanta ar chalafoirt agus athlonnú gníomhaíochtaí trasloingsithe a laghdú, ceanglaítear ar an gCoimisiún le Rialachán FuelEU Maritime agus leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí araon an liosta de chalafoirt thrasloingsithe coimeádán chomharsanacha a shainaithint agus a thabhairt cothrom le dáta. Déantar stadanna ag na calafoirt sin a eisiamh ón sainmhíniú ar 'chalafoirt cuarda' chun críocha MRV. Is ionann na critéir chun na calafoirt sin a shainaithint i Rialachán FuelEU Maritime agus sa Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí. Mar sin féin, níl na hamlínte chun na liostaí a thabhairt cothrom le dáta ailínithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh difríochtaí sna liostaí a chuirtear i bhfeidhm a bheith mar thoradh ar na difríochtaí sna sonraí.

Conclúidí:

- Tá údar leis an gcuid is mó de na difríochtaí i raon feidhme na Rialachán mar gheall ar na roghanna a rinne an Pharlaimint agus an Chomhairle. Ba cheart aon choigeartú ar an raon feidhme, amhail an cineál loinge, a scrúdú a thuilleadh i bhfianaise na mbuntáistí a bhaineann le tuilleadh comhsheasmhachta idir na rialacha a bhfuil tuairisc orthu thuas.
- D'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht cóineasú a mhéadú i leith na hincháilitheachta, cinneadh astaíochtaí agus déine GCT breoslaí a úsáidtear ar bord faoi na rialacha a bhfuil tuairisc orthu thuas.
- Ar mhaithe le cur chun feidhme a éascú, d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar ailíniú breise na bhforálacha maidir leis na díolúintí is infheidhme faoi Rialachán FuelEU Maritime agus faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí. Mar sin féin, ba cheart a chur san áireamh leis sin gur roghanna sonracha iad na difríochtaí sin arna ndéanamh ag na comhreachtóirí.
- D'fhéadfaí na hamlínte chun athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta de chalafoirt thrasloingsithe coimeádán chomharsanacha a chomhchuibhiú chun an cur chun feidhme a shimpliú.

II. Eintitis fhreagracha

Sainítear i Rialachán FuelEU Maritime, sa Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus sa Rialachán maidir le MRV Muirí na comhlachtaí atá freagrach as a gcur chun feidhme. Tá na sainithe sin comhchosúil le chéile ach ní hionann iad, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cás ina gcinnfeadh cuideachta loingseoireachta eintiteas freagrach difriúil a bheith aici as an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus an Rialachán maidir le MRV Muirí i gcomparáid le Rialachán FuelEU Maritime.

Ní mór an chuideachta ISM, an t-eintiteas dlítheanach a bhainistíonn an long i gcomhréir leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta (ISM), a bheith ar an eintiteas freagrach i gcónaí faoi Rialachán FuelEU Maritime. Ag brath ar shocruithe conarthacha agus oibríochtúla, ba cheart gurb í an chuideachta ISM an longúinéir, nó aon eagraíocht nó duine seachas an longúinéir, a d'aontaigh dul i gceann na ndualgas agus na bhfreagrachtaí go léir a fhorchuirtear le Cód ISM. I gcás ina bhfuil longúinéir freagrach as Cód ISM a bheith á chomhlíonadh ag a long, is é an longúinéir an chuideachta ISM agus an t-eintiteas atá freagrach as an Rialachán FuelEU Maritime a chomhlíonadh. I gcásanna ina bhfuil na freagrachtaí maidir le comhlíonadh Chód ISM tarmligthe ag an longúinéir chuig aon eagraíocht nó duine eile (a d'aontaigh na freagrachtaí sin a ghlacadh ar láimh), beidh an eagraíocht nó an duine sin ina chuideachta ISM chomh maith leis an eintiteas atá freagrach as comhlíonadh Rialachán FuelEU Maritime.

Faoin Rialachán maidir le MRV Muirí, ní mór don eintiteas céanna a bheith freagrach as an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus as an Rialachán maidir le MRV Muirí araon. Faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus faoin Rialachán maidir le MRV Muirí, féadfaidh sé gurb é an longúinéir (i.e. an t-úinéir cláraithe) nó an Chuideachta ISM an t-eintiteas atá freagrach as comhlíontacht i leith astaíochtaí loinge ar leith. Má tá an Chuideachta ISM éagsúil leis an longúinéir, ní mór don úinéir cláraithe agus don Chuideachta ISM comhaontú conarthach a dhéanamh eatarthu maidir leis an eintiteas a ghlacfaidh freagracht as oibleagáidí na Treorach Eorpaí maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus an Rialachán maidir le MRV Muirí a chomhlíonadh. In éagmais cinneadh sainráite ón úinéir cláraithe agus ón gCuideachta ISM, measfar an t-úinéir cláraithe a bheith freagrach as comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus sa Rialachán maidir le MRV Muirí.

Údarais fhreagracha

Cinntear an 'Stát riaracháin' i leith cuideachta atá freagrach as FuelEU a fhorfheidhmiú mar a shainmhínítear faoi Rialachán FuelEU Maritime agus úsáid á baint as na rialacha céanna a chuirtear i bhfeidhm chun an 't-údarás riaracháin atá freagrach' as an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí a chinneadh i leith cuideachta loingseoireachta. Mar sin féin, ós rud é go bhféadfadh sé, i gcásanna áirithe, nach ionann an chuideachta atá freagrach as long i gcás Rialachán FuelEU Maritime ar thaobh amháin, agus i gcás

an Rialacháin maidir le MRV Muirí agus na Treorach Eorpaí maidir le Córas Trádála Astaíochtaí ar an taobh eile (féach thuas), d’fhéadfadh dhá Bhallstát éagsúla an long chéanna a riar, ceann amháin i gcás Rialachán FuelEU Maritime agus ceann eile i gcás na Treorach Eorpaí maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus an Rialacháin maidir le MRV Muirí.

Laistigh de Bhallstát amháin, féadfar údaráis éagsúla a cheapadh le bheith freagrach as Rialachán FuelEU Maritime a riar ar thaobh amháin agus as an Rialachán maidir le MRV Muirí agus an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí a riar ar an taobh eile, ach is faoin mBallstát atá sé a chinneadh an mbeadh sé níos fearr an fhreagracht sin a dheonú don údarás céanna.

Conclúidí

- Ba cheart tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar na heintitis fhreagracha faoi Rialachán FuelEU Maritime, faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus faoin Rialachán maidir le MRV Muirí chun a chinneadh an mbeadh tuilleadh simplithe ann dá ndéanfaí léirmhíniú agus sainiú ailínithe ar an eintiteas rialáilte agus cé dó a ndéanfaí an simpliú sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a chur san áireamh go bhféachtar sa Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí ar an gcomhlíontacht ar leibhéal na cuideachta agus go ndéantar foráil i Rialachán FuelEU Maritime maidir le hoibleagáidí i ndáil le longa.

III. Faireachán, taifeadadh agus tuairisciú

Pleananna faireacháin

Faoi Rialachán FuelEU Maritime agus faoin Rialachán maidir le MRV Muirí araon, ní mór do chuideachtaí plean faireacháin le haghaidh gach loinge dá gcuid a chur faoi bhráid an fhíoraitheora, plean ina léireofar an fhaisnéis is gá chun na ceanglais tuairiscithe a chomhlíonadh. De bharr na gceanglas éagsúil, ní mór d’oibreoirí dhá phlean faireacháin ar leithligh a chur isteach, ceann amháin i gcomhréir leis an Rialachán maidir le MRV Muirí agus an ceann eile i gcomhréir le Rialachán FuelEU Maritime. Tá struchtúr comhchosúil ag an dá phlean agus is féidir iad a tháirgeadh i gcóras TF MRV THETIS. Nuair a chuirtear an dá phlean faireacháin isteach, leanann siad próisis sreafa oibre neamhspleácha.

Sa chleachtas, feidhmíonn MRV THETIS mar ionad ilfhreastail do chuideachtaí loingseoireachta, rud a fhágann gur féidir sonraí comhlántacha a thíolacadh chun críoch an Rialacháin maidir le MRV Muirí/na Treorach Eorpaí maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus Rialachán FuelEU Maritime araon. Úsáidfear na sonraí uile a ndéantar faireachán agus taifeadadh orthu faoin Rialachán maidir le MRV Muirí le haghaidh ríomhanna FuelEU Maritime, faoi réir deimhniú ón bhfíoraitheoir FuelEU, murab ionann é agus an fíoraitheoir MRV. Is féidir na sonraí céanna MRV Muirí a úsáid freisin chun sonraí atá ábhartha do na tuarascálacha ar leibhéal cuideachta faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí a chomhiomlánú.

Tuairisciú in aghaidh an mhuirastir

Faoi Rialachán FuelEU Maritime agus faoin Rialachán maidir le MRV Muirí araon, déantar faireachán i bprionsabal ar shonraí in aghaidh an mhuirastir. Mar sin féin, faoin Rialachán maidir le MRV Muirí, níl sé éigeantach tuairisciú a dhéanamh in aghaidh an mhuirastir, rud a chiallaíonn gur féidir le cuideachtaí na sonraí is gá a thuairisciú ar bhonn comhiomlánaithe bliantúil. Sa chleachtas, áfach, le MRV THETIS is féidir sonraí a thaifeadadh agus a thuairisciú in aghaidh an mhuirastir mar rogha dheonach faoin Rialachán maidir le MRV Muirí.

Maoluithe ar fhaireachán in aghaidh an mhuirastir

De réir maolú, leis an Rialachán maidir le MRV Muirí, ceadaítear do chuideachtaí faireachán a dhéanamh ar ídiú breosla agus astaíochtaí GCT le haghaidh longa áirithe ar bhonn bliantúil amháin. Tá feidhm ag an maolú maidir le longa nach ndéanann ach turais laistigh den Aontas agus a thugann faoi níos mó ná 300 muirastear gach bliain. Ní ann do mhaoluithe den sórt sin faoi Rialachán FuelEU Maritime.

Leithdháileadh úsáide breosla/fuinnimh de réir raon feidhme geografach

Le Rialachán FuelEU Maritime, ceadaítear leithdháileadh/athdháileadh saor in aisce breosla a úsáideadh le linn na tréimhse tuairiscithe ar fad ar an gcuid laistigh den Aontas nó lasmuigh den Aontas den achar a taistealaíodh, gan beann ar cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh an breosla/fuinneamh go hiarbhrí ar an muirastear sonrach sin. Ceanglaítear leis an Rialachán maidir le MRV Muirí agus leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí go ndéanfar an cineál breosla ábhartha a thuairisciú i dtaca leis an gcineál muirastir beacht ar ídíodh an breosla lena linn. Tá tionchar aige sin ar leithdháileadh na mbreoslaí is ísle déine GCT (agus nialas-rátú don Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí).

Conclúidí:

- Le réitigh TF a chuirtear i bhfeidhm in MRV THETIS, laghdaítear an t-ualach a bhaineann le dhá phlean faireacháin ar leith a chur isteach. Mar sin féin, d’fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé an dá phlean faireacháin a chumasc, mar aon le féachaint an bhféadfaí an tuairisciú a shimpliú a thuilleadh le beart den sórt sin.
- Tá difríochtaí ann i dtéarmaí ceanglais tuairiscithe maidir leis an bhfuinneamh a úsáidtear laistigh de chalafoirt agus le linn muirastear. Ina theannta sin, murab ionann agus an Rialachán maidir le MRV Muirí, ní áirítear i Rialachán FuelEU Maritime maoluithe chun ligean do longa áirithe faireachán bliantúil a dhéanamh ar a n-ídiú breosla agus ar a n-astaíochtaí, in ionad faireachán a dhéanamh ar gach muirastear aonair. D’fhéadfaí féachaint an bhféadfaí na gnéithe sin a ailíniú a thuilleadh.

IV. Fíorú

Tá an córas fíoraithe is infheidhme faoi Rialachán FuelEU Maritime bunaithe den chuid is mó ar an gcóras a bunaíodh faoin Rialachán maidir le MRV Muirí, ach tá roinnt difríochtaí ann, a ndéantar anailís orthu thíos.

Oibleagáidí ginearálta agus prionsabail ghinearálta do na fíoraitheoirí agus na nósanna imeachta fíoraithe

Tá na hoibleagáidí agus na prionsabail do na fíoraitheoirí agus na nósanna imeachta fíoraithe – mar a shonraítear sna gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe arna nglacadh faoi Rialachán FuelEU Maritime agus faoin Rialachán maidir le MRV Maritime –

ailínithe den chuid is mó⁷. Difríocht amháin is ea, i gcodarsnacht leis an Rialachán maidir le MRV Muirí, faoi Rialachán FuelEU Maritime má athraíonn an fíoraitheoir, go bhfuil athmheasúnú le déanamh ag an bhfíoraitheoir nua ar na pleananna faireacháin.

Creidiúnú

Leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe⁸ sonraíochtaí a bhaineann le rialacha maidir le creidiúnú fíoraitheoirí faoin Rialachán maidir le MRV Muirí agus faoi Rialachán FuelEU Maritime. Tá forálacha na ngníomhartha sin comhionann nó cosúil le chéile den chuid is mó.

Conclúidí

- Leagtar síos na rialacha maidir le fíorú, agus creidiúnú fíoraitheoirí, sa dá rialachán, i Rialachán FuelEU Maritime agus sa Rialachán maidir le MRV Muirí, agus sonraítear a thuilleadh iad i ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme ar leithligh. Is beag difríocht atá idir na rialacha agus eascraíonn na difríochtaí sin den chuid is mó as sreafaí oibre éagsúla agus róil éagsúla na bhfíoraitheoirí faoi na gníomhartha éagsúla.

V. Forfheidhmiú

Ordú díbeartha/coinneáil

Faoi Rialachán FuelEU Maritime agus faoin Rialachán maidir le MRV Muirí araon, mura gcomhlíonann long a hoibleagáidí ar feadh dhá thréimhse tuairiscithe i ndiaidh a chéile nó níos mó, is féidir leis na Ballstáit ordú díbeartha a eisiúint. Mar sin féin, ní fhéadfaidh an Stát brataí cead isteach sa chalafort a dhiúltú do longa a bhfuil a bhratach ar foluain acu.

Oibleagáid doiciméad bailí comhlíontachta a shealbhú

Faoi Rialachán FuelEU Maritime, longa nach ndearna aon mhuiristear laistigh dá raon feidhme le linn tréimhse tuairiscithe, ceanglaítear orthu doiciméad bailí comhlíontachta (doiciméad a bhaineann go sonrach le long, arna eisiúint do chuideachta ag fíoraitheoir, lena ndeimhnítear gur chomhlíon an long sin Rialachán FuelEU Maritime le haghaidh tréimhse tuairiscithe shonrach) a iompar fós ar bord le linn na tréimhse fíoraithe. Bunaítear leis an Rialachán maidir le MRV Muirí oibleagáid doiciméad bailí comhlíontachta a iompar ar bord do longa a thug faoi mhuiristear faoina raon feidhme le linn na tréimhse tuairiscithe, agus do na longa sin amháin. I gcás longa neamhghníomhacha (i.e. gan aon ghníomhaíocht faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le MRV Muirí), ní thoirmisctear leis an Rialachán sin tuarascáil astaíochtaí fíoraithe nach bhfuil astaíochtaí ar bith i gceist léi a chur isteach chun doiciméad bailí comhlíontachta a fháil.

Oibleagáid an Stáit brataí

Luaitear sa Rialachán maidir le MRV Muirí go ndéanfaidh gach Ballstát na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh longa a bhfuil a bhratach ar foluain acu na ceanglais faireacháin agus tuairiscithe. Os a choinne sin, faoi Rialachán FuelEU Maritime, níl sé d'oibleagáid ar na Ballstáit seiceálacha a dhéanamh ar longa a bhfuil a mbratacha ar foluain acu.

Doiciméad comhlíontachta FuelEU a eisiúint

Faoi Rialachán FuelEU Maritime agus faoin Rialachán maidir le MRV Muirí, is é an fíoraitheoir atá freagrach, i bprionsabal, as an doiciméad comhlíontachta a eisiúint. Faoi Rialachán FuelEU Maritime, áfach, má tá pionós FuelEU dlite, ní mór d'údarás inniúil an Stáit riaracháin an doiciméad a eisiúint. Thairis sin, faoi FuelEU is féidir leis an údarás inniúil doiciméid comhlíontachta a eisíodh roimhe sin a tharraingt siar i gcás ina mbraitear míráitis nó neamh-chomhréireachtaí sna sonraí tuairiscithe, rud nach amhlaidh faoin Rialachán maidir le MRV Muirí.

Cigireachtaí

Le Rialachán FuelEU Maritime agus leis an Rialachán maidir le MRV Muirí araon, ceanglaítear ar údaráis um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt seiceálacha ar dhoiciméid comhlíontachta a áireamh mar chuid dá gcigireachtaí (arna ndéanamh i gcomhréir le Treoir 2009/16/CE)⁹.

Smachtbhannaí

Faoi Rialachán FuelEU Maritime agus faoin Rialachán maidir le MRV Muirí araon, ní mór do na Ballstáit tacar rialacha ar leithligh a leagan síos i ndáil leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar na Rialacháin.

Conclúidí

- Tá na rialacha forfheidhmiúcháin faoi Rialachán FuelEU Maritime agus faoin Rialachán maidir le MRV Muirí araon dírithe ar an long agus tá go leor forálacha comhionanna nó comhchosúla iontu, ach tá difríochtaí ann. D'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar chóras forfheidhmiúcháin comhpháirteach a bhunú chun gníomhaíochtaí áirithe a chuíchóiriú agus chun an t-ualach ar údaráis na mBallstát a laghdú.

VI. Uainiú na n-oibleagáidí comhlíontachta

⁷ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2027 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2024 maidir le gníomhaíochtaí fíorúcháin de bhun Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE, *IO L*, 2024/2027, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2027/oj agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2917 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2023 maidir le gníomhaíochtaí fíorúcháin, creidiúnú fíoraitheoirí agus formheas pleananna faireacháin ag údaráis riaracháin de bhun Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2072 ón gCoimisiún, *IO L*, 2023/2917, 29.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2917/oj.

⁸ Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/192 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2024 maidir le nósanna imeachta chun fíoraitheoirí a chreidiúnú de bhun Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, *IO L* 2025/192, 29.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/192/oj agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2917 ón gCoimisiún dá dtagraítear thuas.

⁹ Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt, *IO L* 131, 28.5.2009, lgh. 57–100, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/16/oj>.

Léiríonn comparáid idir na hoibleagáidí comhlíontachta sa Rialachán maidir le MRV Muirí agus i Rialachán FuelEU Maritime go bhfuil an dá rialachán comhsheasmhach a mhéid a bhaineann le huainiú.

Má chinntear amach anseo oibriú le plan faireacháin cuimsitheach amháin don dá Rialachán, ba ghá an t-uainiú a ailíniú ar phointí áirithe. Mar shampla, faoi láthair, ní mór do longa a thugann cuairt ar chalafort de chuid Ballstáit den chéad uair tar éis an 31 Lúnasa 2024 plan faireacháin a chur isteach tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis a gcéad chuairte ar chalafort faoi Rialachán FuelEU Maritime, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis chéad chuairt gach loinge ar chalafort de chuid Ballstáit faoin Rialachán maidir le MRV Muirí.

Faoi 31 Eanáir den tréimhse fíoraithe, tá an tuarascáil FuelEU le cur faoi bhráid an fhíoraitheora agus faoi 31 Márta den tréimhse fíoraithe tá an fíoraitheoir faoi oibleagáid an tuarascáil FuelEU fíoraithe a thaifeadadh i mbunachar sonraí FuelEU. Os a choinne sin, luaitear sa Rialachán maidir le MRV Muirí, ag brath ar rialacha an údaráis riaracháin fhreagraigh, nach mór an tuarascáil astaíochtaí fíoraithe a chur faoi bhráid na n-údarás ábhartha sa tréimhse idir an 28 Feabhra agus an 31 Márta den tréimhse fíoraithe. Is faoi gach údarás riaracháin atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an dáta beacht a chuirfidh sé an tuarascáil isteach le linn na tréimhse sin.

Conclúidí

- Tá struchtúr comhchosúil ag na hamlínte agus na nósanna imeachta is gá a leanúint chun ceanglais an dá rialachán a chomhlíonadh, ach tá difríochtaí idir na dátaí agus foirmliú na n-oibleagáidí. D'fhéadfaí ailíniú breise ar an bpróiseas faireacháin agus tuairiscithe a mheas.

VII. Conclúidí foriomlána

Léirítear sa chomparáid, cé go bhfuil Rialachán FuelEU Maritime, an Rialachán maidir le MRV Muirí agus an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí ailínithe go maith cheana féin maidir le go leor gnéithe, go bhféadfaí na neamhréireachtaí atá ann faoi láthair a laghdú trí na hathbhreithnithe atá ar na bacáin ar na gníomhartha, d'fhonn cur chun feidhme a shimpliú agus an t-ualach riaracháin ar oibreoirí, ar fhíoraitheoirí agus ar na Ballstáit a laghdú.

Thiocfadh na tairbhí is mó as córas aonair faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a bhunú a d'fhreastalódh ar Rialachán FuelEU Maritime agus ar an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí araon agus a d'áirítheodh gur féidir le cuideachtaí úsáid a bhaint as na sonraí a bhailítear, a fhíoraítear agus a thuairiscítear faoin Rialachán maidir le MRV Maritime chun an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus Rialachán FuelEU Maritime a chomhlíonadh.

Le córas den sórt sin atá bunaithe ar an Rialachán maidir le MRV Muirí, ba cheart i) na ceanglais faireacháin uile faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus faoi Rialachán FuelEU Maritime a chumhdach, ii) neamhréireachtaí agus mí-ailínithe idir na ceanglais a íoslaghdú, iii) na doiciméid tuairiscithe a ailíniú agus a chumasc, b'fhéidir, in aon teimpléad uathúil amháin (i.e. pleananna faireacháin, tuarascálacha astaíochtaí), iv) creat uathúil fíoraithe agus creidiúnaithe amháin a bhunú, agus v) coincheap an eintitis rialáilte faoin Rialachán maidir le MRV Muirí, faoi Rialachán FuelEU Maritime agus faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí a ailíniú.

Anuas ar an gcóras faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe, d'fhéadfaí tuilleadh cóineasaithe a mheas amach anseo idir Rialachán FuelEU Maritime agus an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí i réimsí eile amhail díolúintí geografacha, cineálacha long, cumhdach fuinnimh agus astaíochtaí, loingseoireacht oighir agus bearta forfheidhmiúcháin. Mar sin féin, bheadh sé níos dúshlánaí comhsheasmhacht níos fearr a bhaint amach maidir leis na forálacha sin ná na córais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a ailíniú; thairis sin, tá forais dhlísteanaigh ann chun na difríochtaí atá ann cheana a choinneáil, ar difríochtaí iad a bhí bunaithe ar roghanna sonracha na gcomhreachtóirí.

Ba cheart gach leasú ar na saincheistanna thuasluaite a chomhordú agus tionchar na n-athruithe ar fud na dtrí phíosá reachtaíochta a chur san áireamh. An tráth céanna, ba cheart scrúdú a dhéanamh in aon athbhreithniú ar indéantacht agus ar thionchair eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta tuilleadh cóineasaithe, i bhfianaise na haidhme sláine comhshaoil agus éifeachtacht ghníomhaíocht aeráide an Aontais a chaomhnú, lena n-áirítear a ghealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí.